**TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (JUDGES' REMUNERATION) BILL 2011**

*As passed by Dáil Éireann*

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section
1. Amendment of Article 35 of the Constitution.

2. Citation.

SCHEDULE

Part 1

Part 2

[No. 44*a* of 2011]

**AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT (LUACH SAOTHAIR BREITHIÚNA), 2011**

*Mar a ritheadh ag Dáil Éireann*

RIAR NA nALT


Alt

1. Airteagal 35 den Bhunreacht a leasú.

2. Lua.

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2


[Uimh. 44*a* de 2011]

TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (JUDGES' REMUNERATION) BILL 2011

# BILL

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 35 of the Constitution:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of Article 35 of the Constitution.

**1**.—Article 35 of the Constitution is hereby amended as follows:

(*a*) the section, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule*, shall be substituted for section 5 of the Irish text; and

(*b*) the section, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule*, shall be substituted for section 5 of the English text.

Citation.

**2**.—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Twenty-Ninth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-Ninth Amendment of the Constitution (Judges' Remuneration) Act 2011.

**AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT (LUACH SAOTHAIR BREITHIÚNA), 2011**

# BILLE

*dá ngairtear*

ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, aon fhoráil den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 35 den Bhunreacht a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

Airteagal 35 den Bhunreacht a leasú.

**1**.—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 35 den Bhunreacht:

(*a*) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* in ionad alt 5 den téacs Gaeilge; agus

(*b*) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* in ionad alt 5 den téacs Sacs-Bhéarla.

Lua.

**2**.—(1) An Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht (Luach Saothair Breithiúna), 2011 a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE

### Part 1

5 1° Ní cead laghdú a dhéanamh ar luach saothair breithiúna an fad is a bheidh siad in oifig ach amháin de réir an ailt seo.

2° Tá luach saothair breithiúna faoi réir gearradh cánacha, tobhach nó muirear eile a ghearrtar le dlí ar dhaoine i gcoitinne nó ar dhaoine a bhaineann le haicme áirithe.

3° Más rud é, roimh an alt seo a achtú ina dhlí nó dá éis sin, go ndearnadh nó go ndéantar laghduithe le dlí ar luach saothair daoine a bhaineann le haicmí daoine a n-íoctar a luach saothair as airgead poiblí agus go luaitear sa dlí sin gur ar mhaithe le leas an phobail na laghduithe sin, féadfar socrú a dhéanamh freisin le dlí chun laghduithe comhréireacha a dhéanamh ar luach saothair breithiúna.

### Part 2

5 1° The remuneration of judges shall not be reduced during their continuance in office save in accordance with this section.

2° The remuneration of judges is subject to the imposition of taxes, levies or other charges that are imposed by law on persons generally or persons belonging to a particular class.

3° Where, before or after the enactment into law of this section, reductions have been or are made by law to the remuneration of persons belonging to classes of persons whose remuneration is paid out of public money and such law states that those reductions are in the public interest, provision may also be made by law to make proportionate reductions to the remuneration of judges.

### Cuid 1

5 1° Ní cead laghdú a dhéanamh ar luach saothair breithiúna an fad is a bheidh siad in oifig ach amháin de réir an ailt seo.

2° Tá luach saothair breithiúna faoi réir gearradh cánacha, tobhach nó muirear eile a ghearrtar le dlí ar dhaoine i gcoitinne nó ar dhaoine a bhaineann le haicme áirithe.

3° Más rud é, roimh an alt seo a achtú ina dhlí nó dá éis sin, go ndearnadh nó go ndéantar laghduithe le dlí ar luach saothair daoine a bhaineann le haicmí daoine a n-íoctar a luach saothair as airgead poiblí agus go luaitear sa dlí sin gur ar mhaithe le leas an phobail na laghduithe sin, féadfar socrú a dhéanamh freisin le dlí chun laghduithe comhréireacha a dhéanamh ar luach saothair breithiúna.

### Cuid 2

5 1° The remuneration of judges shall not be reduced during their continuance in office save in accordance with this section.

2° The remuneration of judges is subject to the imposition of taxes, levies or other charges that are imposed by law on persons generally or persons belonging to a particular class.

3° Where, before or after the enactment into law of this section, reductions have been or are made by law to the remuneration of persons belonging to classes of persons whose remuneration is paid out of public money and such law states that those reductions are in the public interest, provision may also be made by law to make proportionate reductions to the remuneration of judges.